# AGUISÍN A GHABHANN LEIS AN nGLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE LE hAGHAIDH BAILL FOIRNE AR CONRADH

(1) Ar leathanach 2, ba cheart mír 1 de Roinn 1 a léamh mar seo a leanas:

"(1) Is leis na próifílí agus na grúpaí feidhme seo a leanas a bhaineann an glao seo ar léiriú spéise:

| Uimhir | Tagairt | Próifíl | Grúpa feidhme (FG) |
|---|---|---|---|
| 1 | EPSO/CAST/P/1/2017 | Airgeadas | FG III |
| 2 | EPSO/CAST/P/2/2017 | Airgeadas | FG IV |
| 3 | EPSO/CAST/P/3/2017 | Bainistiú tionscadail/clár | FG III |
| 4 | EPSO/CAST/P/4/2017 | Bainistiú tionscadail/clár | FG IV |
| 5 | EPSO/CAST/P/5/2017 | Airgeadas | G II |
| 6 | EPSO/CAST/P/6/2017 | Rúnaithe/Cléirigh | FG II |
| 7 | EPSO/CAST/P/7/2017 | Riarachán/Acmhainní daonna | FG II |
| 8 | EPSO/CAST/P/8/2017 | Riarachán/Acmhainní daonna | FG III |
| 9 | EPSO/CAST/P/9/2017 | Riarachán/Acmhainní daonna | FG IV |
| 10 | EPSO/CAST/P/10/2017 | Cumarsáid | FG III |
| 11 | EPSO/CAST/P/11/2017 | Cumarsáid | FG IV |
| 12 | EPSO/CAST/P/12/2017 | Gnóthaí polaitiúla/Beartais an Aontais | FG III |
| 13 | EPSO/CAST/P/13/2017 | Gnóthaí polaitiúla/Beartais an Aontais | FG IV |
| 14 | EPSO/CAST/P/14/2017 | Dlí | FG III |
| 15 | EPSO/CAST/P/15/2017 | Dlí | FG IV |
| 16 | EPSO/CAST/P/16/2017 | Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | FG III |
| 17 | EPSO/CAST/P/17/2017 | Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | FG IV |
| 18 | EPSO/CAST/P/18/2017 | Oibrithe tacaíochta láimhe agus riaracháin | FG I |
| 19 | EPSO/CAST/P/19/2018 | Baill foirne cúraim leanaí | FG II |
| 20 | EPSO/CAST/P/20/2018 | Síceolaithe oideachasúla | FG IV |
| 21 | EPSO/CAST/P/21/2019 | Profléitheoirí | FG III |
| 22 | EPSO/CAST/P/22/2019 | Aistritheoirí | FG IV |
| 23 | EPSO/CAST/P/23/2022 | Bainistiú Foirgneamh — Gníomhaire lóistíochta agus teicniúil | FG II |
| 24 | EPSO/CAST/P/24/2022 | Bainistiú Foirgneamh — Speisialtóir foirgneamh | FG III |
| 25 | EPSO/CAST/P/25/2022 | Bainistiú Foirgneamh — Innealtóir/ailtire | FG IV |
| 26 | EPSO/CAST/P/26/2023 | Oibríochtaí slándála, slándáil réigiúnach san áireamh | FG IV |
| 27 | EPSO/CAST/P/27/2023 | Oibríochtaí slándála, slándáil réigiúnach san áireamh | FG III |
| 28 | EPSO/CAST/P/28/2023 | Oibríochtaí slándála | FG II |
| 29 | EPSO/CAST/P/29/2023 | Slándáil theicniúil | FG IV |
| 30 | EPSO/CAST/P/30/2023 | Slándáil theicniúil | FG III |
| 31 | EPSO/CAST/P/31/2023 | Slándáil theicniúil | FG II |
| 32 | EPSO/CAST/P/32/2023 | Slándáil Faisnéise agus Doiciméad | FG IV |
| 33 | EPSO/CAST/P/33/2023 | Slándáil Faisnéise agus Doiciméad | FG III |
| 34 | EPSO/CAST/P/34/2023 | Slándáil TF | FG IV |
| 35 | EPSO/CAST/P/35/2023 | Slándáil TF | FG III" |

(2) Ag deireadh Iarscríbhinn I, "Príomhdhualgais", ba cheart na rannáin seo a leanas a chur leis:

## "OIBRÍOCHTAÍ SLÁNDÁLA, LENA nÁIRÍTEAR AN tSLÁNDÁIL RÉIGIÚNACH – FG IV

### 1. Oifigigh Slándála

1.1. Cur le dearadh agus forbairt na bpolasaithe slándála agus na dtreoirlínte atá de dhíth chun iad a chur i bhfeidhm.
1.2. Ullmhú agus éascú a dhéanamh ar chinnteoireacht (cinnteoireacht bainistíochta agus/nó cinnteoireacht oibríochtúil) i réimse inniúlachta na roinne.
1.3. An tseirbhís slándála oibríochtúla a bhainistiú, a chur chun feidhme agus a chomhordú (lena n-áirítear, nuair is infheidhme, bainistiú buiséadach agus conarthaí i réimsí amhail conarthaí gardála slándála nó gnéithe eile a bhaineann le seirbhísí slándála oibríochtúla).
1.4. Tionscadail shonracha a riaradh agus a stiúradh.
1.5. Bainistiú agus comhordú a dhéanamh ar eintiteas oibríochtúil práinnfhreagartha 24/7 nó ar riarachán slándála agus sábháilteachta.
1.6. Straitéisí agus pleananna a fhorbairt agus feasacht slándála a chomhordú.
1.7. Foireann a mhaoirsiú, a bhainistiú, a spreagadh agus a chomhordú chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní daonna agus cáilíocht na seirbhíse a chinntiú.
1.8. Práinnfhreagairt a bhainistiú i gcásanna a d'fhéadfadh slándáil daoine, sócmhainní nó faisnéise a chur i mbaol.
1.9. Gníomhaíochtaí oibríochtúla slándála a bhainistiú agus a chur chun feidhme i réimse na frithaisnéise, na frithsceimhlitheoireachta agus na bainistíochta géarchéime.
1.10. Measúnú ar bhagairtí agus anailís riosca a dhéanamh i réimse na slándála, lena n-áirítear bearta slándála a mholadh agus a chur chun feidhme.
1.11. Imscrúduithe a dhéanamh.
1.12. Dlúthchosaint a eagrú do dhaoine mór le rá.

### 2. Comhairleoirí slándála réigiúnacha

2.1. Dearadh, measúnú agus maoirsiú a dhéanamh ar úsáid trealaimh agus cur chun feidhme nósanna imeachta maidir le slándáil daoine, sócmhainní agus faisnéise.
2.2. Dea-theagmháil a chinntiú leis na húdaráis agus/nó leis na gníomhaireachtaí agus na naisc is gá a dhéanamh leis an tsochaí shibhialta.
2.3. Páirt a ghlacadh i gcruinnithe slándála a eagraíonn na Ballstáit, na Náisiúin Aontaithe agus/nó comhpháirtithe eile.
2.4. Bearta a chur i bhfeidhm i réimsí na nósanna imeachta bainistíochta géarchéime, gnéithe den aslonnú san áireamh.
2.5. A chinntiú go ndéantar bearta a shainmhíniú agus go leantar de mholtaí i réimsí slándála daoine, sócmhainní nó faisnéise.
2.6. Iomláine, tráthúlacht agus indéantacht phleananna teagmhais na Toscaireachta, agus deimhin a dhéanamh de go gcuirtear an fhoireann ar an eolas agus go bhfeidhmítear na pleananna.
2.7. A chinntiú go n-urramaítear nósanna imeachta slándála i gcás géarchéime ag Toscaireacht (agus/nó ag Oifig) an Aontais laistigh den inniúlacht gheografach, agus maoirseacht a dhéanamh ar nuashonrú liostaí de bhaill foirne easaoránacha agus a dteaghlaigh i gcás aslonnú.
2.8. Feasacht a ardú faoi easaoránaigh agus faoi bhaill foirne eile, comhairle a chur ar fáil dóibh, agus oiliúint a chur orthu maidir le saincheisteanna cosanta agus slándála.
2.9. Rannchuidiú le cur i bhfeidhm na mbeart slándála agus na Ceanncheathrúna agus na Cinn Toscaireachtaí (agus/nó Oifigí) i limistéar an chúraim gheografaigh a choinneáil ar an eolas go rialta trí thuarascálacha ó bhéal agus tuarascálacha scríofa.

2.10. Measúnuithe ar bhagairtí áitiúla agus measúnuithe riosca slándála a ullmhú agus a nuashonrú go rialta, i dtíortha laistigh den chúram geografach. Cur chun feidhme na mbeart coisctheach agus maolaithe a dhearadh, a mheasúnú agus a mhaoirsiú.
2.11. Páirt a ghlacadh maidir le beartais, noirm agus nósanna imeachta a bhaineann le slándáil a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta.
2.12. Iniúchtaí slándála ar shaincheisteanna sonracha a dhéanamh nó rannchuidiú leo.

## OIBRÍOCHTAÍ SLÁNDÁLA, LENA nÁIRÍTEAR an tSLÁNDÁIL RÉIGIÚNACH – FG III

### 1. Oifigigh Slándála

1.1. Rannchuidiú leis an bpráinnfhreagairt i gcásanna a d'fhéadfadh slándáil daoine, sócmhainní nó faisnéise a chur i mbaol.
1.2. Sealbhú, eagrú agus anailís a dhéanamh ar fhaisnéis ar bhonn foinsí oscailte, bunachar sonraí agus uirlisí TF eile.
1.3. Measúnú ar bhagairt agus anailís riosca a dhéanamh i réimse na slándála, lena n-áirítear moltaí a dhréachtú agus bearta slándála a chur i bhfeidhm.
1.4 Seirbhísí oibríochtúla slándála agus seirbhísí maoirseachta gníomhairí slándála a chur i bhfeidhm agus a chomhordú.
1.5. Comhordú a dhéanamh ar fhoirne oibríochtúla práinnfhreagartha 24/7 agus riarthóirí slándála agus sábháilteachta, agus deimhin a dhéanamh de shláine fheidhmiúil na seirbhísí teicneolaíocha agus de rialú próiseas teicniúil.
1.6. Páirt a ghlacadh i staidéir, agus nótaí, achoimrí agus/nó staitisticí a dhréachtú, agus tionscadail rialála a ullmhú.
1.7. Pleananna slándála géarchéime a ullmhú agus a chur chun feidhme.
1.8. Bainistiú oibríochtúil imeachtaí a ullmhú agus páirt a ghlacadh ann.
1.9. Monatóireacht, cosc agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chur chun feidhme na rialacha maidir le rochtain ar fhoirgnimh agus úsáid carrchlós.
1.10. Imscrúduithe a dhéanamh.
1.11. Iniúchtaí frithbheart faireachais theicniúil a dhéanamh.
1.12. Seirbhísí dlúthchosanta a sholáthar do dhaoine mór le rá.

### 2. Oifigigh slándála réigiúnacha

2.1. Dearadh, measúnú agus maoirsiú a dhéanamh ar úsáid trealaimh agus cur chun feidhme nósanna imeachta maidir le slándáil daoine, sócmhainní agus faisnéise.
2.2. Dea-theagmháil a chinntiú leis na húdaráis agus/nó leis na gníomhaireachtaí agus na naisc is gá a dhéanamh leis an tsochaí shibhialta.
2.3. Páirt a ghlacadh i gcruinnithe slándála a eagraíonn na Ballstáit, na Náisiúin Aontaithe agus/nó comhpháirtithe eile.
2.4. Bearta a chur i bhfeidhm i réimsí na nósanna imeachta bainistíochta géarchéime, gnéithe den aslonnú san áireamh.
2.5. Bearta teicniúla a shainiú agus obair leantach a dhéanamh ar mholtaí i réimse slándála daoine, sócmhainní nó faisnéise.
2.6. Iomláine, tráthúlacht agus indéantacht phleananna teagmhais na Toscaireachta, agus deimhin a dhéanamh de go gcuirtear an fhoireann ar an eolas agus go bhfeidhmítear na pleananna.
2.7. A chinntiú go n-urramaítear nósanna imeachta slándála i gcás géarchéime ag Toscaireacht (agus/nó ag Oifig) an Aontais laistigh den inniúlacht gheografach, agus maoirseacht a dhéanamh ar nuashonrú liostaí de bhaill foirne easaoránacha agus a dteaghlaigh i gcás aslonnú.
2.8. Feasacht a ardú faoi easaoránaigh agus faoi bhaill foirne eile, comhairle a chur ar fáil dóibh, agus oiliúint a chur orthu maidir le saincheisteanna cosanta agus slándála.

2.9. Rannchuidiú le cur i bhfeidhm na mbeart slándála agus na Ceanncheathrúna agus na Cinn Toscaireachtaí (agus/nó Oifigí) i limistéar an chúraim gheografaigh a choinneáil ar an eolas go rialta trí thuarascálacha ó bhéal agus tuarascálacha scríofa.
2.10. Measúnuithe ar bhagairtí áitiúla agus measúnuithe riosca slándála a ullmhú agus a nuashonrú go rialta, i dtíortha laistigh den chúram geografach. Cur chun feidhme na mbeart coisctheach agus maolaithe a dhearadh, a mheasúnú agus a mhaoirsiú.

## OIBRÍOCHTAÍ SLÁNDÁLA – FG II

1. Oibríochtaí an Ionaid Éigeandála a threorú.
2. Córais agus feidhmchláir slándála a oibriú agus monatóireacht a dhéanamh orthu: córais luathrabhaidh, rialú rochtana, aláraim agus córais TCI, aimsiú ionraidh, cumarsáid raidió, etc.
3. Freagairt do theagmhais slándála de réir na treorach atá i bhfeidhm.
4. Caighdeán na seirbhísí slándála a dheimhniú.
5. Tuarascálacha teagmhais a dhréachtú, tuarascálacha slándála ar imeachtaí a dhréachtú agus obair leantach a dhéanamh ina leith, aimhrialtachtaí a sheiceáil agus seiceálacha a dhéanamh le linn na seirbhíse.
6. Cur le bainistiú riosca i réimse na slándála.
7. Monatóireacht a dhéanamh ar rochtain ar fhoirgnimh agus ar sheomraí cruinnithe, páirt a ghlacadh maidir le faireachas a dhéanamh ar fhoirgnimh agus ar áiseanna .
8. Páirt a ghlacadh i bhfiosrúcháin slándála.
9. Seirbhísí dlúthchosanta a sholáthar do dhaoine mór le rá.

## SLÁNDÁIL THEICNIÚIL – FG IV

1. Measúnú ar bhagairtí agus anailís riosca a thrasuí agus a chur chun feidhme i sonraíochtaí teicniúla nó i nósanna imeachta oibríochtúla.
2. Tionscadail slándála teicniúla a ullmhú, a chomhordú, a bhainistiú agus a dhearadh.
3. Íoschaighdeáin slándála teicniúla a cheapadh agus a fhorbairt.
4. Bainistiú a dhéanamh ar shuiteáil oibríochtaí agus ar mhaoirseacht oibríochtaí, córais slándála teicniúla a fheidhmiú agus a chothabháil.

## SLÁNDÁIL THEICNIÚIL – FG III

1. Measúnú riosca a dhéanamh ar an tslándáil theicniúil agus sonraíochtaí teicniúla a dhréachtú le haghaidh tionscadail slándála teicniúla.
2. Monatóireacht a dhéanamh ar oibreacha foirgníochta agus ar shuiteálacha i réimse an trealaimh slándála agus sábháilteachta.
3. Monatóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí agus ar chothabháil córas agus táirgí slándála teicniúla.

## SLÁNDÁIL THEICNIÚIL – FG II

1. Cur leis an anailís riosca slándála teicniúla.
2. Monatóireacht a dhéanamh ar oibreacha foirgníochta agus ar shuiteáil córas agus trealaimh i réimse na slándála agus na sábháilteachta.
3. Monatóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí agus ar chothabháil córas agus táirgí slándála teicniúla.

## SLÁNDÁIL FAISNÉISE AGUS DOICIMÉID – FG IV

1. Beartais slándála, caighdeáin agus doiciméid ghaolmhara a dhréachtú.

2. Rialuithe slándála a dhearadh, a anailísiú, a dhréachtú agus a chur chun feidhme, rialuithe slándála arna gcur in oiriúint don leibhéal measúnaithe riosca i réimse na slándála faisnéise agus doiciméad.
3. Táirgí slándála a shainaithint, a mheasúnú agus a chomhtháthú, lena n-áirítear feabhas a chur ar uirlisí slándála sonracha (réitigh foinse oscailte a úsáid i réimse na slándála TF ina measc).
4. Nósanna imeachta agus córais a fhorbairt chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais a láimhseáil, agus seirbhísí slána a dhearadh um riarachán córas agus monatóireacht.

## SLÁNDÁIL FAISNÉISE AGUS DOICIMÉAD – FG III

1. Rannchuidiú le dréachtú beartas agus le cur chun feidhme rialuithe slándála i réimse na slándála faisnéise agus doiciméad.
2. Dea-fheidhmíocht seirbhísí a chinntiú darb aidhm faisnéis rúnaicmithe an Aontais a láimhseáil a rannchuidíonn le Córais Faisnéise agus Cumarsáide Rúnaicmithe a fhorbairt, a riar agus a úsáid mar is ceart.

## SLÁNDÁIL TF – FG IV

1. Beartais slándála, caighdeáin agus doiciméid ghaolmhara a dhréachtú.
2. Rialuithe slándála a dhearadh, a anailísiú, a dhréachtú agus a chur chun feidhme, rialuithe slándála arna gcur in oiriúint don leibhéal measúnaithe riosca i réimse na slándála faisnéise agus doiciméad.
3. Táirgí slándála a shainaithint, a mheasúnú agus a chomhtháthú, lena n-áirítear feabhas a chur ar uirlisí slándála sonracha (réitigh foinse oscailte a úsáid i réimse na slándála TF ina measc).
4. Measúnú slándála tréimhsiúil, iniúchtaí slándála TF, cigireachtaí slándála TF, bainistiú agus measúnú leochaileachta, agus tástáil treáite a dhéanamh.
5. Teagmhais slándála TF a bhrath, comhordú a dhéanamh ar fhreagairt ar theagmhais slándála TF agus imscrúduithe ar theagmhais.

## SLÁNDÁIL TF – FG III

1. Cuidiú le beartais agus caighdeáin slándála agus doiciméid ghaolmhara a dhréachtú.
2. Cuidiú le rialuithe slándála a dhearadh, a anailísiú, a dhréachtú agus a chur chun feidhme, rialuithe arna gcur in oiriúint don leibhéal measúnaithe riosca i réimse na slándála faisnéise agus doiciméad.
3. Cuidiú le táirgí slándála a shainaithint, a mheasúnú agus a chomhtháthú, lena n-áirítear feabhas a chur ar uirlisí slándála sonracha (ina measc sin, réitigh foinse oscailte a úsáid i réimse na slándála TF).
4. Cuidiú le measúnú slándála tréimhsiúil, iniúchtaí slándála TF, cigireachtaí slándála TF, bainistiú agus measúnú leochaileachta, agus tástáil treáite a dhéanamh.
5. Cuidiú le teagmhais slándála TF a bhrath, comhordú a dhéanamh ar fhreagairt ar theagmhais slándála TF agus imscrúduithe ar theagmhais.
6. Seiceálacha speisialaithe agus imscrúduithe slándála a dhéanamh a bhaineann le slándáil TF.”